


# EIPEASÓID 3: Ceacht 2 (Grinn-éisteacht)

Mír físe ar fáil anseo: [https://snas.ie/lessons/cra-eipeasoid-3-ceacht-2](https://snas.ie/lessons/cra-eipeasoid-3-ceacht-2)
Is féidir féachaint ar an mír sin cúpla uair agus tú ag obair ar an gceacht.

---



## A Réamhphlé

*Bígí ag obair i ngrúpaí. Pléigí na ceisteanna seo sula bhféachfaidh sibh ar an mír.*

1. An raibh tú riamh ar an teilifís nó ar ceamara? Conas a mhothaigh tú?
2. Conas a athraíonn daoine nuair a bhíonn siad á dtaifeadadh?
3. An bhfuil aon sampla agat de dhuine ag insint bréag ar ceamara? Cad é do bharúil faoi sin?


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

## B Féachaint & Cluastuiscint




1. *Cé atá ag insint bréag agus cé atá ag insint na fírinne, dar leat?*

2. *Léigh gach ráiteas. An bhfuil siad fíor (F) nó bréagach (B)?*

| Ráitis | F | B |
|---|---|---|
| a. Deir Art gur mhillteanach an cúpla seachtain dheireanach a bhí aige. | | |
| b. Tugann Aoife orduithe d'Art faoin tslí chun na freagraí a thabhairt. | | |
| c. Deir Art go raibh cion ag gach duine ar Sabine. | | |
| d. Deir Conall nach mbíonn sé ag smaoineamh ar Sabine. | | |
| e. Bhí Ray ina thiománaí ag Art i gcónaí. | | |
| f. Deir Ray gur ísliú céime a bhí sa phost mar phóirtéir oíche. | | |
| g. Bhí stáisiún na nGardaí áitiúil oscailte ar an Domhnach Cásca sin. | | |
| h. Creideann Ray gur shiúil Sabine isteach san fharraige. | | |

*Bígí ag obair i mbeirteanna agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile.*

a. Cén fáth a gcaithfidh Art freagraí iomlána a thabhairt san agallamh le hAoife?
b. Cén fáth nach raibh Ray ina thiománaí d'Art níos mó ag an am sin?
c. Cén fáth a raibh stáisiún na nGardaí dúnta Domhnach Cásca?
d. Deir Ray: "bhí daoine ag déanamh ag an am sin gur chuir Sabine lámh ina bás féin." Ach cad a chreideann Ray féin?
e. Cén locht atá ag Ray ar an Sáirsint Patsy Sweeney?
f. An gceapann tú go bhfuil Ray ag insint na fírinne iomláine? Cén fáth?


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# C Saibhreas Foclóra

1. *Líon na bearnaí sna habairtí ón script leis na focail chuí ón mbosca.*

ar iarraidh mar dhúnmharú ionraic ísliú céime
an fhoireann ` fiosrúchán neamhspleách Domhnach Cásca
theip Cuimhnigh greim Aoine an Chéasta

a. __________, gearrfar amach mo cheisteanna.

b. Tá siad ag láimhseáil bhás do mhná céile anois __________ ?

c. Ach ní thuigim, __________ sin bhí tú i do phóirtéir oíche?

d. Athraítear __________ thart agus iarradh ormsa a bheith i mo phóirtéir oíche.

e. Bogadh ó bheith i do thiománaí dílis chuig post mar phóirtéir oíche, déarfadh roinnt daoine gur __________ é sin.

f. Ní hea, le bheith __________, bhí níos mó craice san óstán.

g. Cá raibh tú nuair a fuair tú amach go raibh Sabine __________?

h. Bhí mé taobh amuigh de theach an phobail, __________, i ndiaidh an Aifrinn.

i. Tá __________ a dhíth air seo le fáil amach cad é an dóigh ar __________ ar rudaí.

j. Bheadh __________ faighte ar an té a mharaigh Sabine.

2. *Seiceálaimis anois an tuiscint atá agat ar chanúint Uladh. Líon na bearnaí le leaganacha eile de na focail agus de na frásaí Ultacha thíos. Tá an chéad cheann déanta duit mar shampla.*

| Leaganacha Ultacha | Leaganacha eile |
|---|---|
| ar dóigh! | iontach! |
| iontach doiligh | |
| achan | |
| leoga | |
| ag smaointiú | |
| teach an phobail | |
| a fhoscladh | |
| ag déanamh (sa tslí 'ag meas') | |


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# D Cruinneas agus feasacht teanga

## ■ 1: An aimsir chaite

*Bíonn an aimsir chaite ag teastáil uainn nuair a dhéanaimid cur síos ar eachtra a tharla san am a chuaigh thart. Baintear úsáid aisti go rímhinic sa chaint laethúil. Bígí ag obair i mbeirteanna agus tugaigí faoi na tascanna seo anois.*

a) Bainigí úsáid as na samplaí thíos chun na rialacha a bhaineann leis an aimsir chaite a phlé.

**Chuir / Ar chuir? / Níor chuir.**
**D'admhaigh / Ar admhaigh? / Níor admhaigh**

b) Líonaigí na bearnaí sa tábla leis an bhfoirm cheart de gach briathar mírialta.

| An cheist | An freagra dearfach | An freagra diúltach |
|---|---|---|
| An ndúirt? | Dúirt | Ní dúirt |
| Ar rug? | | |
| An raibh? | | |
| Ar chuala? | | |
| An ndearna? | | |
| An bhfuair? | | |
| An bhfaca? | | |
| Ar ith? | | |
| Ar thug? | | |
| Ar tháinig? | | |
| An ndeachaigh? | | |

c) Bainigí úsáid as gach briathar thuas chun ceisteanna a chur ar a chéile faoin samhradh seo caite. Cuimhnígí ar an bhfoirm threise! Mar shampla:

- Ar ith tú aon rud blasta nuair a bhí tú ar laethanta saoire?
- D'ith! D'ith mé gliomach den chéad uair riamh. Bhí sé go haoibhinn. Ar ith **tusa** aon rud deas?


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# E Cumarsáid

## ■ 1: Do chosaint féin

a) *Briseadh isteach sa bhanc áitiúil oíche aréir agus tá na Gardaí i mbun fiosrúcháin. Cá raibh tú féin idir a sé agus a naoi a chlog aréir? Caithfidh tú ráiteas a réiteach do na Gardaí:*

- Déan cur síos ar an méid a bhí idir lámha agat idir 18:00 agus 21:00 oíche aréir.
- Bí cinnte nach ndéanann tú dearmad d'aon ní.
- Inis don rang faoin méid a bhí á dhéanamh agat ag an am sin.
- Tá beirt sa rang nach bhfuil ag insint na fírinne! Cé hiad? Cuirigí ceisteanna ar a chéile chun an bheirt sin a aimsiú. Bíodh na ceisteanna san aimsir chaite.



b) *Déanaimid rudaí beaga as bealach sa saol anois is arís. Ní bhíonn siad ceart ach ní coireanna móra iad ach an oiread. Caithfidh tú anois tú féin a chosaint arís.*

- Tabharfaidh an teagascóir rólchárta duit.
- Caithfidh tú an scéal ar an gcárta a insint don rang – bí cinnte go gcuireann tú leis an scéal.
- Cuirfidh na daoine eile sa rang ceisteanna ort faoin gcinneadh a rinne tú. Caithfidh tú tú féin a chosaint.

Bainigí úsáid as na frásaí úsáideacha sa bhosca agus sibh ag caint!

| | |
|---|---|
| Ní raibh an dara rogha agam. | Sin an chúis a ndearna mé é. |
| Ní hea, an rud a tharla ná ... | B'fhéidir go ndearna mé botún, ach ... |
| Le bheith ionraic ... | Ní raibh sé chomh simplí sin! |
| Bhí faitíos orm go ... | Bhí eagla orm. |
| Bhí mé faoi bhrú. | Rinne mé é gan smaoineamh. |


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# An Script

**AOIFE:** Cad é mar a bhí an cúpla seachtain dheireanach duitse?
**ART:** Millteanach. Cad é?
**AOIFE:** Cuimhnigh, gearrfar amach mo cheisteanna, mar sin caithfidh tú freagraí níos iomláine a thabhairt. Bheadh sé ar dóigh dá mbeifeá ábalta na ceisteanna a chur sna freagraí. Chuideodh sé linn.
**ART:** Cad é a bhfuil tú ag caint fá dtaobh de? Cá fhad eile a bheidh seo ag dul ar aghaidh?
**AOIFE:** Bainfimid triail eile as. I d'fhocail féin cad é mar a bhí an cúpla seachtain dheireanach duitse, agus fios agat go bhfuiltear ag láimhseáil bhás do mhná céile anois mar dhúnmharú?
**ART:** Doiligh. Iontach doiligh. Ní shamhlaíonn tú go dtarlódh an cineál seo ruda i do bhaile féin. Bhí grá ag achan duine do Sabine. Leoga bhí. Cé a dhéanfadh seo uirthi?

**CONALL:** *Yeah*, *I suppose*, níl lá ar bith nach mbím ag smaointiú uirthi.
**AOIFE:** Sin muid.
**CONALL:** An raibh sé sin i gceart?
**AOIFE:** Go raibh maith agat arís, agus tá mé buartha fá do thrioblóid.
**CONALL:** Go raibh maith agat.

**AOIFE:** Ray, suigh fút. Ar mhaith leat go gcuirfinn na ceisteanna seo air?

**AOIFE:** Tusa a bhí i do thiománaí ag Art?
**RAY:** Is ea.
**AOIFE:** Ach ní thuigim, Aoine an Chéasta sin bhí tú i do phóirtéir oíche?
**RAY:** Bhuel, rud úr a bhí ansin. Cosúil le hachan ghnó, athraítear an fhoireann thart agus iarradh ormsa a bheith i mo phóirtéir oíche agus dúirt mé go ndéanfainn é.
**AOIFE:** Bogadh ó bheith i do thiománaí dílis ag Art Ó Súilleabháin chuig post mar phóirtéir oíche, déarfadh roinnt daoine gur ísliú céime é sin.
**RAY:** Ní hea, le bheith ionraic, b'fhearr liom é, bhí níos mó craice ag an óstán.
**AOIFE:** Cá raibh tú nuair a fuair tú amach go raibh Sabine ar iarraidh?
**RAY:** Bhí mé taobh amuigh de theach an phobail, Domhnach Cásca, i ndiaidh an Aifrinn. Chuir muid scairt ar na Gardaí ach bhí an stáisiún áitiúil druidte. Dúirt Baile na nGallóglach go gcuirfeadh siad amach carr, ach níor tháinig sé. Dé Máirt, Dé Máirt, a tháinig an Sáirsint Patsy Sweeney leis an stáisiún a fhoscladh. Sin trí lá agus bhuel, bhí daoine agus muintir, go leor daoine ag déanamh an t-am sin gur chuir Sabine lámh ina bás féin.
**AOIFE:** Ach, níor chreid tusa gur chuir sí lámh ina bás féin?
**RAY:** Bhuel, Sabine a raibh aithne agamsa uirthi, ní shiúlfadh sí amach san fharraige. Tá fiosrúchán neamhspleách a dhíth air seo le fáil amach cad é an dóigh ar theip ar rudaí. Dá ndéanfadh Patsy Sweeney a cuid oibre mar is ceart, bheadh greim faighte ar an té a mharaigh Sabine. Tá mé cinnte de sin.


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# Nótaí an mhúinteora

## Aidhm

Is é aidhm ghinearálta SnasTV scafall a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí Gaeilge le cabhrú leo ábhar dílis closamhairc (*authentic audiovisual material*) ó chláir theilifíse TG4 a thuiscint agus a bheith ag foghlaim uathu. Tá sé mar aidhm ag an bpacáiste áirithe seo foghlaimeoirí a spreagadh chun taitneamh a bhaint as sraith theilifíse i nGaeilge, díreach mar a dhéanfaidís le hábhar i dteangacha eile, agus na scileanna cuí a fhorbairt le hanailís chriticiúil a dhéanamh ar an gclár.

## An cur chuige: éisteacht leathan agus grinnéisteacht

Tá dhá cheacht ag baint le gach eipeasóid sa phacáiste agus díríonn siad sin ar dhá chineál scileanna éisteachta:

- **An éisteacht leathan (*extensive listening*):** Díríonn ar chéad cheacht ar gach eipeasóid ar an éisteacht leathan. Éisteacht ar mhaithe le tuiscint ghinearálta atá i gceist leis sin. Ní gá gach focal a thuiscint; is leor príomhsmaointe an scéil a leanúint. Féachann na foghlaimeoirí ar an eipeasóid ina hiomláine, foghlaimíonn siad an stór focal is tábhachtaí a bhaineann leis an scéal, agus pléann siad an plota, na téamaí agus na carachtair.
- **Grinnéisteacht (*intensive listening*):** Sa dara ceacht a bhaineann le gach eipeasóid, dírítear isteach ar an ngrinnéisteacht; is é sin, éisteacht ghéar chúramach le mír ghearr amháin de chuid an chláir. Tugann sé seo deis don fhoghlaimeoir díriú ar ghnéithe ar leith den teanga: stór focal i gcomhthéacs, gramadach agus struchtúir teanga, fuaimniú agus saibhreas teanga. Cabhraíonn an cineál éisteachta seo le foghlaimeoirí tuiscint níos doimhne a fhorbairt ar chruinneas agus ar cheartúsáid na teanga.

## Torthaí foghlama

Cuideoidh an pacáiste seo leis na foghlaimeoirí a bheith in ann:

- féachaint ar ábhar dílis Gaeilge go muiníneach, le fotheidil nó gan fotheidil
- straitéisí gníomhacha féachana a úsáid (sosanna, athsheinm, focail nua a thabhairt leo)
- scileanna éagsúla éisteachta agus tuisceana a fhorbairt trí mheán an ábhair closamhairc

## Leideanna don mhúinteoir

- **Leibhéil:** Tá na cleachtaí sa phacáiste ag teacht a bheag nó a mhór le leibhéil B1 agus B2 den Fhráma Tagartha Comónta Eorpach. Ní gá gach cleachtadh a dhéanamh. Roghnaigh na gníomhaíochtaí is oiriúnaí don rang. Má bhíonn meascán leibhéal ag na foghlaimeoirí sa rang, is féidir na cleachtaí éagsúla a úsáid le tacú leis an difreálú.
- **Obair bhaile:** Is féidir cuid de na cleachtaí a thabhairt mar obair bhaile.
- **Fotheidil:** Tá fotheidil i nGaeilge agus i mBéarla ar fáil anois ar Seinnteoir TG4. Is féidir na fotheidil sin a úsáid le tacú leis an tuiscint, de réir riachtanais na bhfoghlaimeoirí, m.sh. fotheidil i mBéarla a úsáid ag an tús, más gá, ach go mbeadh sé mar aidhm dul i dtreo na bhfotheideal Gaeilge nó gan a bheith ag brath ar na fotheidil de réir a chéile.





© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

## A Réamhphlé (10 nóiméad)

Tabhair tamall do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile sula bpléifidh tusa leis an rang ar fad iad.

## B Féachaint & Cluastuiscint (15 nóiméad)

1. Tuairimíocht atá i gceist leis seo.
2. Freagraí:
   a – F; b – F; c – F; d – B; e – B; f – B; g – B; h – B.
3. Beidh freagraí na bhfoghlaimeoirí bunaithe ar an mír.

## C Saibhreas Foclóra (15 nóiméad)

1. Freagraí:

   a) **Cuimhnigh**, gearrfar amach mo cheisteanna.
   b) Tá siad ag láimhseáil bhás do mhná céile anois **mar dhúnmharú**?
   c) Ach ní thuigim, **Aoine an Chéasta** sin bhí tú i do phóirtéir oíche?
   d) Athraítear **an fhoireann** thart agus iarradh ormsa a bheith i mo phóirtéir oíche.
   e) Bogadh ó bheith i do thiománaí dílis chuig post mar phóirtéir oíche, déarfadh roinnt daoine gur **ísliú céime** é sin.
   f) Ní hea, le bheith **ionraic**, bhí níos mó craice san óstán.
   g) Cá raibh tú nuair a fuair tú amach go raibh Sabine **ar iarraidh**?
   h) Bhí mé taobh amuigh de theach an phobail, **Domhnach Cásca,** i ndiaidh an Aifrinn.
   i) Tá **fiosrúchán neamhspleách** a dhíth air seo le fáil amach cad é an dóigh ar **theip** ar rudaí.
   j) Bheadh **greim** faighte ar an té a mharaigh Sabine.

2. Freagraí:

| Leaganacha Ultacha | Leaganacha eile |
|---|---|
| ar dóigh! | iontach! |
| iontach doiligh | an-deacair |
| achan | gach |
| leoga | cinnte (indeed) |
| ag smaointiú | ag smaoineamh |
| teach an phobail | séipéal |
| a fhoscladh | a oscailt |
| ag déanamh (sa tslí ‘ag meas’) | ag smaoineamh |


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

## D Cruinneas agus feasacht teanga

### ■ 1: An aimsir chaite

a) Rialacha:

- Cuirtear séimhiú ar fhréamh an bhriathair chun an aimsir chaite a chumadh: chuir mé – *I put*.
- Cuirtear **d'** ar bhriathar dar tús guta: d'admhaigh sé – *he admitted*.
- Is í **níor** an réimír dhiúltach agus leanann séimhiú í: níor chuir mé – *I didn't put*. Ní leanann aon rud **níor** má thosaíonn an briathar ar ghuta: níor admhaigh sé – *he didn't admit*.
- is í **Ar** an réimír cheisteach agus cuirtear séimhiú ar bhriathra dar tús consan ina diaidh. Ní chuirtear aon ní ar bhriathra dar tús guta tar éis **Ar**.

b) Freagraí:

| An cheist | An freagra dearfach | An freagra diúltach |
|---|---|---|
| An ndúirt? | Dúirt | Ní dúirt |
| Ar rug? | Rug | Níor rug |
| An raibh? | Bhí | Ní raibh |
| Ar chuala? | Chuala | Níor chuala |
| An ndearna? | Rinne | Ní dhearna |
| An bhfuair? | Fuair | Ní bhfuair |
| An bhfaca? | Chonaic | Ní fhaca |
| Ar ith? | D'ith | Níor ith |
| Ar thug? | Thug | Níor thug |
| Ar tháinig? | Tháinig | Níor tháinig |
| An ndeachaigh? | Chuaigh | Ní dheachaigh |

c) Tabhair deis dóibh na briathra a chleachtadh le chéile.


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

## E Cumarsáid (25 nóiméad)

### 1: Do chosaint féin

a) Sa chluiche seo, caithfidh gach duine cur síos a dhéanamh ar an méid a bhí idir lámha acu idir 18:00 agus 21:00 oíche aréir, an t-am a briseadh isteach sa bhanc áitiúil. Caithfidh siad cur síos cruinn a dhéanamh ag úsáid na haimsire caite. Tar éis d'fhoghlaimeoir amháin a scéal a insint, beidh ar na foghlaimeoirí eile cúpla ceist san aimsir chaite a chur orthu, le bheith cinnte go bhfuil siad ag insint na fírinne.

An cor: Sula dtosaíonn an rang ag rá cá raibh siad, tabhair píosa beag páipéir do gach duine sa rang. Beidh 'inis an fhírinne' scríofa ar fhormhór na bpáipéar, ach beidh 'inis bréaga' scríofa ar dhá cheann acu. Is é sin le rá go mbeidh beirt as an rang ar fad ag insint bréag. Caithfidh an rang cinneadh a dhéanamh faoi cé hiad na bréagadóirí.

b) Tabhair rólchárta amháin do gach foghlaimeoir. Caithfidh siad an scéal a insint don rang ach caithfidh an rang iad a cheistiú faoin méid a rinne siad. Mar shampla:

Foghlaimeoir 1:

| |
|---|
| Chonaic tú do chara ag goid rud éigin ón siopa. Ní dúirt tú tada. |

"Chas mé le cara nua liom i lár na cathrach ag an deireadh seachtaine. Dé Sathairn a bhí ann, am éigin tar éis am lóin. Bhí muid tar éis lón mór a ithe i mbialann Indiach agus bhí sé chomh blasta sin. Mo chara a d'íoc an bille. Tá sí an-fhlaithiúil. D'imigh muid linn ansin ag spaisteoireacht sna sráideanna agus ag féachaint timpeall ar chuid de na siopaí. Istigh i siopa éadaí a bhí muid nuair a chonaic mé rud a chuir iontas agus alltacht orm. Chonaic mé mo chara ag cur scairf ina mála go slítheánta. Níl a fhios aici go bhfaca mé í agus ní dúirt mé tada."

Ceisteanna ón rang:
Cén fáth nach ndúirt tú tada?
Ar ghoid tú féin aon rud riamh?
Ar inis do chara duit cad a rinne sí?
Cén fáth nár ghlaoigh tú ar na Gardaí?


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

## Rólchártaí

| |
|---|
| Chonaic tú do chara ag goid rud éigin ón siopa. Ní dúirt tú tada. |
| Fuair tú post nua ach níor inis tú do d'fhostóir go raibh tú ag fágáil. D'fhág tú go tobann. |
| Bhí timpiste bheag chairr agat. Bhí an locht ortsa ach dúirt tú leis an gcomhlacht árachais gur duine eile ba chúis leis an timpiste. |
| Chuala tú ráfla faoi chomharsa leat agus scaip tú féin an ráfla céanna, cé nach raibh sé fíor. |
| Chonaic tú na freagraí i scrúdpháipéar an duine in aice leat. D'úsáid tú cuid acu. |
| Bhris tú rud éigin i dteach do charad ach níor inis tú dóibh cad a tharla. Chuir tú ar ais é gan focal a rá. |
| Ghlaoigh tú isteach ar an obair ag rá go raibh tú tinn ach ní raibh ar chor ar bith. Chuaigh tú go dtí an trá. |
| Fuair tú an iomarca briseadh airgid ar ais sa siopa. Bhí a fhios agat ach choinnigh tú an t-airgead mar sin féin. |
| D'ith tú lón do chomhghleacaí a bhí sa chuisneoir ag an obair. Dúirt tú nach tusa a rinne é. |
| Gheall tú do chara leat go rachfá chuig a chóisir ach ní dheachaigh tú. Dúirt tú go raibh tú tinn. |
| Léigh tú teachtaireachtaí príobháideacha ar fhón do pháirtí gan chead. Ní dúirt tú tada. |
| Thóg tú síob ó dhuine ar meisce mar ní raibh airgead agat do thacsaí. Tharla timpiste bheag ar an mbealach abhaile. |
| D'fhág tú do mhadra sa charr lá te ar feadh uaire. Bhí drochbhail air nuair a tháinig tú ar ais. |